snas.ie

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

# FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ

## CLEACHTAÍ CAINTE
# AG RÉITEACH BÉILE

### Aidhm

Beidh na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí chun béile a réiteach, ag baint úsáide as pictiúir de bhianna atá réitithe ag an teagascóir roimh ré.

### Treoir

Réitigh bileog ar a bhfuil pictiúir de bhianna éagsúla. Cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar. Caithfidh gach grúpa béile a chruthú ag baint úsáide as meascán éigin de na pictiúr atá ar an mbileog. Beidh orthu gach pictiúr ar an leathanach a úsáid.
Caithfidh gach grúpa ansin an béile a chur i láthair an ranga. D'fhéadfaí vóta a chaitheamh maidir leis an mbéile is fearr.

### Forbairt / Nótaí

Bheadh cleachtadh réamhullmhúcháin stór focal faoi chúrsaí bia ag teastáil don ghníomhaíocht seo.

D'fhéadfaí an ghníomhaíocht a leanúint le plé faoi chúrsaí bia go ginearálta: 'an béile is fearr liom' / 'an béile is measa a bhí agam riamh' / 'an bhialann is fearr liom' srl.